

C/2025/4511

7.8.2025

**TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ RIALAITHEOIR NA RÁTHAÍOCHTAÍ NÓS
IMEACHTA DO**

(C/2025/4511)

Réamhrá

Is í seo an tríú tuarascáil bhliantúil ar mo chuid gníomhaíochtaí mar Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta. Is é an ról atá agam, mar a chumhdaítear i Rialachán OLAF, gearáin a láimhseáil i ndáil le comhlíonadh ráthaíochtaí nós imeachta ag OLAF agus sárúithe líomhnaithe ar na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe OLAF, ar gearáin iad arna ndéanamh ag daoine atá faoi réir imscrúduithe den sórt sin, ar a dtugaimid 'na daoine lena mbaineann'. Tá sárúithe féideartha ar cheanglais nós imeachta agus ar chearta bunúsacha san áireamh leis sin.



Sular cruthaíodh post an Rialaitheora, ní raibh ach fíorbheagán roghanna ag na daoine a bhí a n-imscrúdú ag OLAF dá mba mhian leo gearán a dhéanamh le comhlacht nó údarás neamhspleách faoin gcaoi a raibh imscrúdú á láimhseáil ag OLAF. Ní raibh ach dhá rogha ann: gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh maidir le drochriarachán, sin nó iarracht a dhéanamh dliteanas neamhchonarthach an Choimisiúin a ghníomhachtú faoi choinníollacha an-docht.

Chun an t-easnamh sin a leigheas, le leasuithe ar Rialachán OLAF, 2020, cuireadh sásra cuí gearán i bhfeidhm lena dtugtar an deis do gach duine lena mbaineann gearán a thaisceadh leis an Rialaitheoir.

Tríd an leigheas riaracháin nuabhunaithe neamhspleách sin, tá prionsabail na cosanta breithiúnaí éifeachtaí á gcoigeartú agus á n-ailíniú de réir a chéile ag an Rialaitheoir le prionsabail na cosanta éifeachtaí riaracháin. Cuireann an Rialaitheoir san áireamh i gcónaí na cearta bunúsacha a eascraíonn as Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar aon leis na ráthaíochtaí sonracha nós imeachta lena rialaítear gníomhaíochtaí OLAF, sin agus na prionsabail ghinearálta dlí agus dlí-eolaíocht Chúirteanna an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le himscrúduithe OLAF.

Dar leis an Rialaitheoir, tá sé tábhachtach ní hamháin go mbeidh an sásra gearán ina leigheas éifeachtach do na daoine lena mbaineann, ach go méadóidh sé trédhearcacht iomlán ghníomhaíochtaí OLAF freisin. Más rud é go bhfuil comhlacht frithchaloise éifeachtúil éifeachtach atá in ann leasanna airgeadais an Aontais a chosaint 'riachtanach' don Aontas agus do cháiníocóirí, tá sé chomh tábhachtach céanna go ndéanfaí imscrúduithe OLAF ar chalois a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha agus ráthaíochtaí nós imeachta.

É sin ráite, chun tuiscint níos fearr a fháil ar ról an Rialaitheora, agus ar theorainneacha na feidhme nua sin, tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne nach ngníomhaíonn an Rialaitheoir mar bhreitheamh a dhéanann measúnú ar dhlíthiúlacht chinntí agus ghníomhartha OLAF. Ina ionad sin, is é misean an Rialaitheora teacht ar réitigh i ndáil leis na saincheisteanna a ardaíonn gearánaigh agus réitigh a mholadh. Trí réitigh a mholadh agus, ar deireadh, moltaí a dhéanamh d'Ard-Stiúrthóir OLAF, tá sé d'aidhm ag an Rialaitheoir na saincheisteanna a bhíonn idir chamáin a réiteach agus cleachtais riaracháin agus imscrúdaitheacha OLAF a fheabhsú ar bhealach réamhbhreathnaitheach.

Tá súil agam go gcuideoidh an tuarascáil seo le feasacht a mhúscailt maidir leis na cineálacha saincheisteanna a bhíonn i gcroílár na ngearán a dhéanann na daoine lena mbaineann. An tráth céanna, tá súil agam go gcuirfidh sí le cuntasacht OLAF agus leis an muinín atá ag daoine as an gcóras atá curtha ar bun ag an Aontas chun dul i ngleic leis an gcalaois.

Tá áthas orm a thuairisciú gur éirigh linn ár gcuspóirí uile a chomhlíonadh in 2024 d'ainneoin an mhéadaithe ar an líon gearán a fuarthas. I ndáil leis sin, táim buíoch as an tacaíocht dhlíthiúil a thug an Rúnaíocht dom.

Sa tuarascáil seo, tá tuilleadh eolais faoinár gcuid oibre agus faoi na torthaí a bhaineamar amach agus an sásra gearán á oibriú.

Táim suite de go bhfuil an sásra gearán ina choimirce riachtanach cheana féin do na daoine lena mbaineann agus go dtiocfaidh tuilleadh forbartha air sa ról atá aige, mar atá é a áirithiú go gcomhlíonann gníomhaíochtaí OLAF na ráthaíochtaí nós imeachta ábhartha agus na rialacha ábhartha maidir le himscrúduithe.

An tOllamh Julia LAFFRANQUE (Dr)

Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta

Clár na nÁbhar

	<i>Leathanach</i>
Réamhrá	1
1. Misean agus sainordú an Rialaitheora	4
2. An sásra gearán	5
3. Forbhreathnú ar na gearáin a cuireadh isteach in 2024	5
4. Na trí chéim de nós imeachta éifeachtach um láimhseáil gearán	9
4.1 Inghlacthacht	9
4.2 Nós imeachta sáraíochta	10
4.3 Cinntí clabhsúir	11
5. Forbhreathnú ar phríomhthorthaí an Rialaitheora	11
5.1 Ceart na cosanta	11
5.1.1 An ceart atá ag oifigeach AE a bheith curtha ar an eolas gur duine lena mbaineann é	12
5.1.2 Deiseanna chun barúil a thabhairt faoin ráiteas fóras	12
5.2 Tréimhse réasúnta na n-imscrúduithe OLAF	13
5.3 Dúbláil na n-imscrúduithe (an prionsabal <i>ne bis in idem</i>)	14
5.4 Neamhchlaontacht in iompar imscrúdaitheoirí OLAF	15
5.5 An ceart a bheith curtha ar an eolas nuair a dhúntar imscrúdú agus an modh fógartha a úsáidtear i gcomhfhreagras leis na daoine lena mbaineann	17
6. Comhairliúchán faoi na dréacht-treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe d'fhoireann OLAF	18
7. Caidreamh leis na páirtithe leasmhara	18
8. Tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil	19
9. Teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir agus gearán a chur isteach	19

1. Misean agus sainordú an Rialaitheora

Is feidhm é Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta a cruthaíodh le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ ('Rialachán OLAF'). Is é ról an Rialaitheora ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann ⁽³⁾ a chosaint in imscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). An 3 Bealtaine 2022, ceapadh an **Dr Julia Laffranque** ina céad Rialaitheoir ar feadh téarma neamh-inathnuaite 5 bliana. Tugann Rúnaíocht an Choiste Maoirseachta (an Rúnaíocht) cúnamh di.

De réir Airteagal 9a(8) de Rialachán OLAF, déanfaidh an Rialaitheoir

faireachán ar chomhlíonadh na ráthaíochtaí nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9, mar aon leis na rialacha is infheidhme d'imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig. Is é an Rialaitheoir a bheidh freagrach as na gearáin dá dtagraítear in Airteagal 9b a láimhseáil.

Comhlíonann an Rialaitheoir a cuid cúraimí agus í **go hiomlán neamhspleách** agus ní ghlacann sí teoracha ó aon duine agus a cuid dualgas á gcomhlíonadh aici ⁽⁴⁾. Os rud é nach féidir leis na daoine lena mbaineann, i bprionsabal, leigheas breithiúnach a lorg in aghaidh ghníomhartha nó neamhghníomhartha OLAF le linn imscrúduithe, tá tábhacht mhór ag baint leis go bhféadfaí gearán a dhéanamh leis an Rialaitheoir. Is féidir le gearánach dul i dteagmháil leis an Rialaitheoir, laistigh de na sprioc-amanna dochta a leagtar amach in Airteagal 9b de Rialachán OLAF, chun measúnú neamhspleách críochnúil a lorg ar a ghearán.

Nuair a bhíonn gearáin arna gcur isteach ag **na daoine lena mbaineann** i ndáil le **comhlíonadh ráthaíochtaí nós imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe** ag OLAF á láimhseáil ag an Rialaitheoir, ní fhéachann sí lena measúnú féin a chur in ionad mheasúnú OLAF maidir leis an mbealach imscrúdú a dhéanamh nó measúnú a dhéanamh ar fhianaise, ná maidir leis na conclúidí ar féidir teacht orthu. Ina ionad sin, is é an ról atá aici:

- **athdhearbhú a thabhairt** gur ghníomhaigh OLAF i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach ina chreat dlíthiúil (má chinneann an Rialaitheoir nár tharla aon sárú); nó
- a iarraidh ar OLAF gníomhaíocht a dhéanamh chun an gearán a réiteach, **trí thogra le haghaidh réitigh** a dhéanamh aon uair a aimsíonn sí sárú ar na ráthaíochtaí nós imeachta nó ar na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe.

Mura féidir teacht ar réiteach, mar dhara céim cuireann an Rialaitheoir **moladh** faoi bhráid OLAF maidir leis an mbealach an gearán a réiteach.

Déanann an Rialaitheoir measúnú ar ghearáin i **nós imeachta sáraíochta**. Tugtar aird ar leith ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ⁽⁵⁾, ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus ar chásdlí ábhartha Chúirteanna an Aontais ⁽⁶⁾. Ní chuireann an Rialaitheoir isteach ar sheoladh imscrúduithe OLAF agus ní féidir léi sin a dhéanamh ⁽⁷⁾.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020, lch. 49, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2223/oj>).

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1).

⁽³⁾ Is duine nádúrtha nó oibreoir eacnamaíoch é 'duine lena mbaineann' a bhfuil amhras ann go ndearna sé calaois, caimiléireacht nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanadh difear do leasanna airgeadais an Aontais agus atá faoi réir imscrúdaithe ag OLAF dá bhrí sin. Tá gearáin a dhéanann daoine seachas na daoine lena mbaineann, finnéithe agus faisnéiseoirí san áireamh, lasmuigh de shainordú an Rialaitheora.

⁽⁴⁾ Airteagal 9a(6) de Rialachán OLAF.

⁽⁵⁾ An tAontas Eorpach, Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an 26 Deireadh Fómhair 2012, 2012/C 326/02, lch. 391, le fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:C2012/326/02>.

⁽⁶⁾ Tá dhá chúirt i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE): an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta.

⁽⁷⁾ Airteagal 9b(6) de Rialachán OLAF.

Ba bhliain dhúshlánach í 2024 i bhfianaise an mhéadaithe ar an líon gearán a fuarthas agus ar chastacht na saincheisteanna dlíthiúla a ardaíodh leo. Cé nach féidir leis an Rialaitheoir tagairt a dhéanamh sa tuarascáil seo do chásanna aonair atá á n-imscrúdú ag OLAF, agus nach mór di a rúndacht a áirithiú fiú tar éis dhúnadh na gcásanna ⁽⁸⁾, tugtar achoimre úsáideach sa tuarascáil seo ar na cineálacha saincheisteanna a ndearna na daoine lena mbaineann gearán fúthu. Tugtar tuairisc sa tuarascáil freisin ar an gcaoi ar déileáladh leis na hábhair inmí sin, agus mínítear inti conas a d'oibrigh an sásra gearán agus na torthaí a baineadh amach leis.

2. An sásra gearán

Ó thús a gníomhaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2022, bhí an deis ag an Rialaitheoir déileáil le roinnt ceisteanna dlí suimiúla. Leis na ceisteanna sin, tá dúshraith á cur síos de réir a chéile ar a dtógfar creat coincheapúil láidir chun measúnú a dhéanamh ar ghearáin. I bhfianaise an líon gearán a láimhseáladh agus éagsúlacht na gceisteanna dlíthiúla a ardaíodh, ba bhliain dhúshlánach agus rathúil í 2024. Láimhseáiltear gearáin ní hamháin chomh tapa agus is féidir, ach chomh críochnúil agus chomh cuimsitheach agus is féidir freisin.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an sásra gearán, tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil **rochtain phribhléideach dhíreach** ⁽⁹⁾ ag an Rialaitheoir tríd an sásra sin ar an gcáschomhad OLAF a bhaineann leis an imscrúdú ábhartha. Tá an cineál sin rochtana ar an gcáschomhad OLAF rithábhachtach, nó tugtar athdhearbhu do ghearánaigh go bhfuil an Rialaitheoir in ann breathnú go críochnúil ar ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha OLAF, fiú i gcásanna ina bhfuil cuid den fhaisnéis ábhartha faoi rún agus nach féidir í a nochtadh don ghearánach. Is minic a bhíonn an Rialaitheoir ag gníomhú go cáiréiseach chun cothromaíocht a bhaint amach idir rúndacht an imscrúdaithe OLAF, ar thaobh amháin, agus saintréith sáraíochta an tsásra gearán, ar an taobh eile.

In 2024, chuir an Rialaitheoir i gcrích an measúnú ar thrí ghearán a cuireadh isteach in 2023.

Ina theannta sin, chuir daoine nádúrtha agus dlítheanacha **23 ghearán nua isteach in 2024**. Le linn na bliana tuairiscithe, chuir an Rialaitheoir i gcrích a measúnú le haghaidh 22 cheann acu. An gearán amháin a bhí fágtha, cuireadh isteach é go gairid roimh dheireadh na bliana agus dearbhaíodh go raibh sé inghlactha. Thángthas ar chinneadh ina leith go luath in 2025.

3. Forbhreathnú ar na gearáin a cuireadh isteach in 2024

Ba dhaoine lenar bhain imscrúduithe *inmheánacha* OLAF a chuir isteach formhór na 23 ghearán a fuair an Rialaitheoir in 2024 (15 cinn) ⁽¹⁰⁾, agus bhain ocht gcinn acu le himscrúduithe *seachtracha* ⁽¹¹⁾ (Fíor 1). Ba i mBéarla a cuireadh formhór na ngearán isteach, agus baineadh úsáid as teangacha eile (Spáinnis, Rómáinis agus Seicis) freisin (Fíor 2). Ba dhaoine nádúrtha a chuir 18 ngearán isteach, ba dhuine nádúrtha a bhí ag gníomhú thar a cheann féin agus thar ceann an duine dhlítheanaigh a raibh sé ag déanamh ionadaíocht air a chuir dhá cheann isteach, agus ba dhaoine dlítheanacha chuir trí cinn isteach (Fíor 3). Le linn na bliana tuairiscithe, chuir roinnt gearánach níos mó ná gearán amháin isteach: Dá bhrí sin, ba é 12 líon iomlán na ndaoine a rinne gearán in 2024: naoi nduine nádúrtha agus trí eintiteas dhlítheanacha (Fíor 3). Ní le hionadaíocht dhlíthiúil a cuireadh isteach aon cheann de na gearáin a fuarthas.

⁽⁸⁾ Airteagal 9a(9) de Rialachán OLAF.


⁽⁹⁾ Airteagal 8(1) agus (2) den Chinneadh ó Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta lena nglactar forálacha cur chun feidhme maidir le gearáin a láimhseáil ('Forálacha cur chun feidhme an Rialaitheora' nó 'Forálacha cur chun feidhme'), le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/controller-procedural-guarantees/about-controller/legal-framework_en.

⁽¹⁰⁾ Is éard atá i gceist le 'himscrúduithe inmheánacha' imscrúduithe a dhéanann OLAF laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Eorpacha arna mbunú le Conarthaí an Aontais nó ar bhonn na gConarthaí sin, arb é is cuspóir do na himscrúduithe sin calaois, claonchasad, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Chuige sin, imscrúdaíonn OLAF na nithe seo a leanas: (i) ábhair thromchúiseacha a bhaineann le dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh ar faillí in oibleagáidí oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais iad a bhfeadfadh imeachtaí araíonachta nó, de réir mar a bheidh, imeachtaí coiriúla a bheith mar thoradh orthu; nó (ii) mainneachtain choibhéiseach oibleagáidí a chomhlíonadh ag comhlachtaí institiúidí agus comhlachtaí, cinn oifigí agus gníomhaireachtaí nó baill foirne institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí nach bhfuil faoi réir na Rialachán Foirne (Airteagal 1(4) agus Airteagal 4 de Rialachán OLAF).

⁽¹¹⁾ Is éard is 'imscrúduithe seachtracha' ann imscrúduithe a dhéanann OLAF de bhun Airteagal 3 de Rialachán OLAF. Le sainordú OLAF, cumhdaítear caiteachas uile an Aontais (i.e. cistí struchtúracha, beartas talmhaíochta agus forbairt tuaithe, caiteachas díreach agus cúnamh seachtrach) agus cuid shubstaintiúil d'ioncam an Aontais (dleachtanna custaim agus dleachtanna talmhaíochta den chuid is mó), ach ní ioncam uile an Aontais.


Fíor 1

Cineálacha imscrúduithe OLAF a ndearnadh gearán ina leith in 2024
Cineálacha imscrúduithe OLAF a ndearnadh gearán
ina leith




Fíor 2

Teangacha na ngearán a cuireadh isteach in 2024
Teangacha na ngearán



Fíor 3

Na daoine a rinne gearán agus an líon gearán




Den chuid is mó, d'agair na gearánaigh sáruihte ar a ráthaíochtaí nós imeachta faoi Airteagal 9 de Rialachán OLAF agus ar a gcearta bunúsacha faoin gCairt um Chearta Bunúsacha (Fíor 4). Bhain na gearáin sin leis an méid seo a leanas: (i) ceart an ghearánaigh éisteach a fháil agus feidhmiú éifeachtach ar a cheart barúlacha a chur isteach maidir le fórais a bhaineann leis (Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF); (ii) ceart an ghearánaigh a bheith curtha ar an eolas gur duine lena mbaineann é (Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF); (iii) sáruihte ar phrionsabail na cothroime, na hoibiachtúlachta agus na neamhchlaontachta nuair a bhíonn imscrúduithe á ndéanamh (Airteagal 9(1) de Rialachán OLAF); agus (iv) fad na n-imscrúduithe (Airteagal 41(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha) (Fíor 5). Rinne gearánaigh gearán freisin faoi na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe OLAF⁽¹²⁾, go háirithe a mhéid a bhaineann le himscrúduithe OLAF a oscailt, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh agus na modhanna chun fógra a thabhairt do na daoine lena mbaineann (Fíor 6).

Fíor 4

Ábhar na ngearán a cuireadh isteach in 2024


Ábhar na ngearán



⁽¹²⁾ Tá na rialacha a leagtar amach i Rialachán OLAF san áireamh, chomh maith leo siúd atá le fáil i dtéacsanna éagsúla, mar shampla Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2), na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe d'fhoireann OLAF agus na treoirlínte maidir le nósanna imeachta fóiréinsice digití d'fhoireann OLAF.


Fíor 5

Anailís ar na líomhaintí éagsúla maidir le ráthaíochtaí nós imeachta, mar a ardaíodh in 2024 (gearáin inghlactha agus neamh-inghlactha san áireamh)



Fíor 6

Anailís ar líomhaintí i ndáil leis na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe



4. Na trí chéim de nós imeachta éifeachtach um láimhseáil gearán

Déileálann an Rialaitheoir le gearáin ar bhealach **cothrom, neamhspleách agus neamhchlaonta**. Tá dhá chéim sa nós imeachta, i gcomhréir le Rialachán OLAF agus le forálacha cur chun feidhme an Rialaitheora: (i) **inghlacthacht** an ghearáin a mheasúnú; (ii) na hargóintí substainteacha a d'ardaigh na gearánaigh a mheasúnú. I gcás ina n-aimsíonn an Rialaitheoir sárúithe, ag brath ar na saincheisteacha a bhíonn idir chamáin, féadfaidh sí cuireadh a thabhairt do OLAF an gearán a réiteach. Déanann sí é sin trí thogra le haghaidh réitigh agus, más gá, eisíonn sí moladh chuig OLAF.

4.1. Inghlacthacht

Ní mór don Rialaitheoir cinneadh a dhéanamh maidir le hinghlacthacht an ghearáin laistigh de **10 lá oibre** ón dáta a fhaightear é. Leagtar amach na coinníollacha i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 9b de Rialachán OLAF, agus in Airteagal 5 de na forálacha cur chun feidhme. Chun gearán a bheith inghlactha, ba cheart é a thaisceadh **laistigh de mhí amháin tar éis don ghearánach teacht ar an eolas faoi na fíorais ábhartha** ar sárú líomhnaithe iad ar na ráthaíochtaí nós imeachta nó ar na rialacha maidir le himscrúdú. **Ba cheart an gearán a thaisceadh, ar aon chuma, tráth nach túisce ná mí amháin tar éis dhúnadh an imscrúdaithe.**

In 2024, rinne an Rialaitheoir measúnú ar inghlacthacht gach gearáin atá ar feitheamh laistigh den teorainn ama fhorordaithe. Dhearbhaigh sí go raibh seacht ngearán inghlactha, go raibh trí cinn inghlactha go páirteach agus go raibh 13 cinn neamh-inghlactha (Fíor 7).


Ba iad seo a leanas na cúiseanna le neamh-inghlacthacht:

- i seacht gcás níor chloígh na gearánaigh leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 9b(2);
- i dtrí chás chinn an Rialaitheoir gur fhollasach go raibh an gearán gan tuillteanas;
- in dhá chás níorbh iad na daoine lena mbaineann a chuir na gearáin isteach;
- i gcás amháin ní raibh bunús leis an ngearán, rud a d'fhág go raibh sé dodhéanta don Rialaitheoir measúnú a dhéanamh ar na tuillteanais;
- ar deireadh, bhain an gearán a bhí fágtha le nós imeachta riaracháin nár imscrúdú de chuid OLAF é (Fíor 8).

Fíor 7


Inghlacthacht na ngearán a fuarthas in 2024

Inghlacthacht



Fíor 8

Forais le neamh-inghlachtacht na ngearán a fuarthas in 2024 (gearáin atá inghlactha go páirteach san áireamh)



Agus inghlachtacht na ngearán á scrúdú aici, leanann an Rialaitheoir cur chuige lena bhféachtar le foclaíocht agus aidhmeanna fhorálacha ábhartha Rialachán OLAF a urramú.

Mar a tharla sa bhliain roimhe sin, in 2024 dearbhaíodh go raibh roinnt cásanna neamh-inghlactha toisc gur dúnadh an t-imscrúdú OLAF níos mó ná mí sular chuir an gearánach a mhaímh faoi bhráid an Rialaitheora. Mar a mheabhraítear thuas, i gcás imscrúduithe dúnta leagtar síos coinníoll inghlachtachta breise níos déine i Rialachán OLAF: **ní mór an gearán a chur isteach tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis dhúnadh an imscrúdaithe, gan beann ar an tráth a thagann an gearánach ar an eolas faoi na fíorais ábhartha** (Airteagal 9b(2) de Rialachán OLAF).

Maidir leis an gcoinníoll sin is infheidhme maidir le himscrúduithe dúnta, nach bhfuil aon amhras ann ach go bhfuil sé sriantach, aithníonn an Rialaitheoir gurb ann dó ar mhaithe leis an dá rud seo a leanas a chaomhnú: (i) éifeachtacht aon nós imeachta leantaigh a d'fhéadfadh a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais Eorpaigh; agus (ii) éifeachtacht a cuid tograí le haghaidh réitigh agus a cuid moltaí féin sa chás sonrach atá idir lámha. Go deimhin, is beag fiúntas a bheadh le hionchur an Rialaitheora i gcásanna dúnta ina bhféadfadh nósanna imeachta leantacha a bheith fós ar siúl os comhair na n-údarás náisiúnta nó AE ábhartha. I gcásanna annamha den sórt sin, measann an Rialaitheoir nach féidir leis na daoine lena mbaineann a gcasaoídi a dhéanamh ach os comhair na n-údarás sin, trí leas a bhaint as na leigheasanna breithiúnacha nó riaracháin atá ar fáil.

Mar a deimhníodh leis na figiúirí le haghaidh 2024, is 'geatóir' tábhachtach í an inghlachtacht fós i sásra gearán an Rialaitheora. I ngach cás inar cinneadh go raibh gearáin nó líomhaintí neamh-inghlactha, mhínigh an Rialaitheoir go mion don ghearánach an bunús dlí agus na cúiseanna a bhí lena cinneadh.

Aithníonn an Rialaitheoir go bhféadfadh sé go mbainfí an deis de na daoine lena mbaineann a ngearán a thabhairt os comhair an Rialaitheora mar gheall ar an gcoinníoll inghlachtachta thuasluaite agus toisc nach bhfuil aon fhoráil ann lena gcuirtear d'oibleagáid ar OLAF an duine lena mbaineann a chur ar an eolas gur dúnadh cás a bhfuil torthaí ag gabháil leis. Dá bhrí sin, measann an Rialaitheoir gur **saincheist í an teorainn ama dhocht le haghaidh gearáin a chur isteach**, go háirithe i gcás imscrúduithe dúnta (ach gan a bheith teoranta dóibh), **ar cheart breithniú cúramach a dhéanamh uirthi i gcomhthéacs na meastóireachta ar Rialachán OLAF agus an athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ina diaidh sin.**

4.2. Nós imeachta sáraíochta

Tar éis an réamh-mheasúnú a chur i gcrích, d'iarr an Rialaitheoir ar OLAF a thuairimí a chur ar fáil maidir leis na 10 ngearán a dearbhaíodh iad a bheith inghlactha nó inghlactha go páirteach. Ansin sheol an Rialaitheoir freagraí OLAF chuig na gearánaigh agus d'iarr sé orthu barúil a thabhairt maidir le tuairimí OLAF.

Mar phrionsabal, féachann an Rialaitheoir leis an éifeacht is mó is féidir a thabhairt do **phrionsabal na n-imeachtaí sáraíochta**. Dá bhrí sin, tugadh an deis don dá pháirtí a gcás a shonrú agus doiciméid tacaíochta a chur isteach. I bprionsabal, cuireadh ar an eolas iad freisin faoi aighneachtaí a chéile agus d'fhéadfaidís barúil a thabhairt fúthu. É sin ráite, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, chinn an Rialaitheoir maolú ón bprionsabal sin agus láimhseáil rúnda na faisnéise arna cur isteach ag OLAF a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de na forálacha cur chun feidhme. Go háirithe, chuir an Rialaitheoir an clásal sin i bhfeidhm chun rúndacht agus éifeachtúlacht na n-imscrúduithe a chosaint i gcásanna ina nochtadh freagraí OLAF a mhodhanna oibre, ina gcuirfidís cosc air an fhianaise is gá a bhailiú, nó fiú ina gcuirfidís an straitéis imscrúdaitheach fhoriomlán i mbaol. I gcásanna den sórt sin, d'aontaigh an Rialaitheoir le OLAF go gcuirfeadh OLAF an méid seo a leanas ar fáil:

- (i) leagan neamhrúnda de fhreagraí OLAF atá le seoladh chuig an ngearánach, ionas go bhféadfadh an gearánach na cúiseanna atá mar bhonn le hiompar OLAF a thuiscint agus, dá bhrí sin, a bheith in ann agóid a dhéanamh i gcoinne fhreagra OLAF agus frithargóintí a sholáthar; agus
- (ii) leagan rúnda níos mionsonraithe chun míniú breise a thabhairt ar na cúiseanna a chuir OLAF chun cinn sa leagan neamhrúnda.

Chuir an réiteach cothrom sin ar a chumas don Rialaitheoir measúnú críochnúil a dhéanamh ar gach cás ábhartha agus a **hoibleagáid a chomhlíonadh maidir le rúndacht imscrúduithe OLAF a áirithiú san am céanna**.

Dá bhrí sin, cé nach bhfuil gearánaigh i dteideal gach píosa faisnéise a fháil, is féidir leo muinín a bheith acu go ndéanfaidh an Rialaitheoir scrúdú neamhspleách críochnúil ar an gcás.

4.3. **Cinntí clabhsúir**

Faoi dheireadh 2024 bhí **cinneadh clabhsúir** déanta ag an Rialaitheoir **maidir le 12 ghearán san iomlán**: trí ghearán ó 2023 agus naoi ngearán inghlactha a cuireadh isteach in 2024. Níor aimsigh an Rialaitheoir aon sárú ar ráthaíochtaí nós imeachta an ghearánaigh in aon cheann acu. Rinne an Rialaitheoir measúnú ar líomhaintí éagsúla agus rinne sí tuilleadh forbartha ar an gcreat coincheapúil chun measúnú a dhéanamh ar ghearáin. Thairis sin, léirigh 2.5 bliain de ghníomhaíocht an tábhacht a bhaineann le measúnú an Rialaitheora: go deimhin, ní hé amháin go bhfónann cinneadh clabhsúir chun a **iarraidh ar OLAF easnaimh in imscrúdú a chúiteamh** má tharlaíonn sé go n-aimsítear sárúithe. Fónann cinneadh clabhsúir freisin, sa chás nach n-aimsíonn an Rialaitheoir aon sárú tar éis nós imeachta sáraíochta agus measúnú dlíthiúil críochnúil, chun **dlisteanacht an imscrúdaithe OLAF atá idir lámha a threisiú agus is deis thábhachtach foghlama é do ghearánaigh**.

Braitheadh cleachtais a raibh fadhbanna ag baint leo i roinnt bheag gearán cé nár aimsíodh aon sárú sa chás sonrach. Sna cásanna sin, chuir an Rialaitheoir é sin in iúl do OLAF agus d'iarr sí air a cuid torthaí a chur san áireamh ina imscrúduithe amach anseo, sin agus féachaint ar ghníomhaíocht a dhéanamh chun sárúithe féideartha ar ráthaíochtaí nós imeachta na ndaoine lena mbaineann a sheachaint i gcásanna comhchosúla.

5. **Forbhreathnú ar phríomhthorthaí an Rialaitheora**

In 2024, dhéileáil an Rialaitheoir le hargóintí éagsúla a d'ardaigh gearánaigh i ndáil lena ráthaíochtaí nós imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe OLAF. Ós rud é go bhfuil rochtain phríbhleideach ag an Rialaitheoir ar cháschomhaid na n-imscrúduithe ábhartha, bhí sí in ann measúnú a dhéanamh ar gach gearán ar bhonn na fianaise agus na faisnéise uile a bhí ar fáil.

Measann an Rialaitheoir go dtugann an creat coincheapúil atá á bhunú de réir a chéile trína cinntí clabhsúir treoraíocht shoiléir maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha OLAF, cibé acu i bhfoirm tograí le haghaidh réitigh nó *obiter dicta* atá sí.

I gcomhréir le prionsabal na rúndachta, ní féidir leis an Rialaitheoir bunábhar na n-imscrúduithe OLAF a nochtadh. Agus urraim á tabhairt don phrionsabal sin, tugann an Rialaitheoir forléargas sa mhír thíos ar na hargóintí is láidre a d'ardaigh gearánaigh agus ar an gcaoi a ndeachaigh sí i ngleic leo.

5.1. **Ceart na cosanta**

Ba é sárú ar cheart na cosanta in imscrúdú de chuid OLAF an líomhain is minice agairt a raibh ar an Rialaitheoir measúnú a dhéanamh uirthi le linn na bliana tuairiscithe. Cuireann éagsúlacht na n-argóintí tacaíochta a ardaíodh ar a chumas don Rialaitheoir measúnú a dhéanamh ar go leor de na miondifríochtaí a bhaineann leis an gceart barrthábhachtach nós imeachta sin.

5.1.1. An ceart atá ag oifigeach AE a bheith curtha ar an eolas gur duine lena mbaineann é

Faoi Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF, **a luaithe a léirítear in imscrúdú go bhféadfadh sé gur duine lena mbaineann in imscrúdú de chuid OLAF é ball foirne AE, ní mór an ball foirne a chur ar an eolas chuige sin**, fad nach ndéanfaidh sé sin dochar do sheoladh an imscrúdaithe ná d'aon imeacht imscrúdaitheach a thagann faoi shainchúram údaráis bhreithiúnaigh náisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 9(2) de na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe d'fhoireann OLAF ⁽¹³⁾, ceanglaítear ar OLAF oifigigh agus baill foirne AE eile a chur ar an eolas 'a luaithe is féidir' faoin mbaint a d'fhéadfadh a bheith acu le himscrúdú oscailte. Is ráthaíocht thábhachtach nós imeachta don oifigeach lena mbaineann é an ceart a bheith curtha ar an eolas agus tá dlúthbhaint aige le ceart na cosanta.

I gcás amháin, rinne an Rialaitheoir anailís ar an gcéim shonrach nós imeachta ag a sainaitheann OLAF duine mar 'dhuine lena mbaineann'. In imscrúduithe inmheánacha go háirithe, is príomhghné den phróiseas imscrúdaitheach é stádas an 'duine lena mbaineann' in imscrúdú de chuid OLAF, agus is réamhchoinníoll é chun ceart na cosanta a fheidhmiú san imscrúdú a bhaineann leis an duine sin. Go deimhin, tugann stádas an duine lena mbaineann roinnt ráthaíochtaí nós imeachta don duine agus cuireann sé de cheangal ar OLAF rialacha sonracha a chomhlíonadh faoi Rialachán OLAF. Dá bhrí sin, tá iarmhairtí praiticiúla ag baint lena fháil amach an tráth beacht a dhéantar an stádas sin a chur ar bhonn foirmiúil.

Sa chás faoi thrácht, thug an Rialaitheoir dá aire, cé gur luadh ainm an ghearánaigh cheana féin i gcinneadh an Ard-Stiúrthóra lenar osclaíodh an t-imscrúdú, gur shainithin OLAF an gearánach go foirmiúil mar 'dhuine lena mbaineann' i gcóras bainistithe cásanna OLAF ag céim níos déanaí, is é sin 6 mhí ina dhiaidh sin.

Ina cuid oibre ar an gcás, scrúdaigh an Rialaitheoir cleachtas OLAF maidir le 'sainithint an duine lena mbaineann' in imscrúduithe inmheánacha. Dhírigh anailís an Rialaitheora ar an gcleachtas idirdhealú a dhéanamh idir ainmniú duine lena mbaineann i gcinneadh tosaigh agus taifeadadh na faisnéise sin ina dhiaidh sin sa chóras bainistithe cásanna. Dar leis an Rialaitheoir, is céim inmheánach é stádas duine lena mbaineann a sainaitheann cheana féin a ionchódú sa chóras bainistithe cásanna agus níor cheart breithnithe substainteacha a bheith i gceist léi, agus ba cheart, dá réir sin, an chéim sin a dhéanamh go tráthúil. Dá bhrí sin, **aon uair a dhéantar tagairt d'ainm duine i gcinneadh tosaigh an Ard-Stiúrthóra, measann an Rialaitheoir gur cheart an duine sin a mheas mar 'dhuine lena mbaineann' ón tráth sin de réir bhrí Airteagal 2(5) de Rialachán OLAF**. Gníomhachtaíonn sé sin oibleagáid OLAF, faoi Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF, an duine a chur ar an eolas gur duine lena mbaineann é, nó an t-eolas sin a chur siar i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

Sa chás atá i gceist, ní dhearna sainithint dhéanach an duine faoi imscrúdú mar dhuine lena mbaineann difear dá chearta nós imeachta. Mheas an Rialaitheoir nach raibh an cleachtas i gcomhréir le hAirteagal 2(5) agus Airteagal 5(1) de Rialachán OLAF, áfach, ná le hAirteagal 6 de na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe. Dar leis an Rialaitheoir, ní chothaíonn an cleachtas sin deimhneacht dhlíthiúil agus, in imthosca eile, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le sárú ar chearta nós imeachta na ndaoine lena mbaineann.

D'ardaigh an Rialaitheoir an tsaincheist sin cheana féin ina plé leis an Ard-Stiúrthóir i ndáil leis an athbhreithniú atá idir lámha ar na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe ⁽¹⁴⁾. Sa chomhthéacs sin, mhol sí, i gcásanna ina n-ainmnítear duine sonrach i gcinneadh tosaigh an Ard-Stiúrthóra, nach mór do OLAF an duine lena mbaineann a shainithint sa chóras bainistithe cásanna láithreach, i.e. an tráth céanna leis an gcinneadh tosaigh. Glacann an Rialaitheoir leis go dtabharfaidh OLAF aird chuí ar na moltaí a rinneadh agus go ndéanfaidh sé bearta iomchuí.

5.1.2. Deiseanna chun barúil a thabhairt faoin ráiteas fíoras

Faoi Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF, nuair a bheidh an t-imscrúdú críochnaithe agus sula dtarraingeofar suas conclúidí ina ndéanfar tagairt d'ainm duine lena mbaineann, ní mór do OLAF deis a thabhairt don duine sin barúil a thabhairt faoi na fíorais a bhaineann leis. Sonraítear a thuilleadh in Airteagal 9(4) an bealach a bhfuil an deis sin le tabhairt, i.e. trí achoimre ar fhíorais a sholáthar.

⁽¹³⁾ Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe d'fhoireann OLAF, an 11 Deireadh Fómhair 2021, le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/guidelines-investigations-olaf-staff_en.

⁽¹⁴⁾ Féach mír 6 thíos 'Comhairliúchán faoi na dréacht-treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe d'fhoireann OLAF'.

De réir chásdlí Chúirteanna an Aontais, is cuid de chearta na cosanta é an ceart éisteacht a fháil, agus is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais í an urraim do na cearta sin ⁽¹⁵⁾. Sonraíonn Cúirteanna an Aontais go dtugann an ceart éisteacht a fháil deis don duine a thuairimí a chur in iúl go héifeachtach le linn nós imeachta riaracháin agus sula ndéantar aon chinneadh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá leasanna ⁽¹⁶⁾. Thairis sin, tá dhá chuspóir á saothrú leis an gceart éisteacht a fháil. Ar an gcéad dul síos, chun é a chur ar a chumas don údarás ábhartha an cás a scrúdú agus na fíorais a shuí ar bhealach chomh beacht agus chomh cruinn agus is féidir, agus ar an dara dul síos, chun a áirithiú go bhfuil an duine lena mbaineann cosanta iarbhair agus gur féidir leis faisnéis a bhaineann lena imthosca pearsanta a chur isteach agus argóint a dhéanamh ina fhabhar ⁽¹⁷⁾. An deis barúil a thabhairt faoi achoimre OLAF ar fhíorais, is léiriú í sin ar an gceart éisteacht a fháil i gcomhthéacs imscrúduithe OLAF agus is ráthaíocht nós imeachta fíor-riachtanach í do na daoine lena mbaineann.

Dar leis an Rialaitheoir, tá sé rithabhachtach gur féidir leis na daoine lena mbaineann a gceart a fheidhmiú barúil a thabhairt faoi na fíorais a bhaineann leo **ar bhealach fóinteach**. Ciallaíonn sé sin gur cheart an fhaisnéis is gá a bheith ag na daoine lena mbaineann a chuirfeadh ar a gcumas dóibh barúlacha a thabhairt agus iad féin a chosaint.

I gcás amháin, d'áitigh an gearánach nár fhéad sé an ceart éisteacht a fháil a fheidhmiú go héifeachtach, ós rud é nár thug OLAF rochtain dó ar na doiciméid uile a bhaineann leis na fíorais a leagtar amach san achoimre ar fhíorais.

I bprionsabal, bheifí ag súil go ndéanfaidh OLAF cóip de na doiciméid a theastaíonn ón duine lena mbaineann a chur ar fáil dó ionas go bhféadfadh sé barúil a thabhairt faoin achoimre ar fhíorais. É sin ráite, sa chás sin chinn an Rialaitheoir gur de chineál fíorasach amháin a bhí an fhaisnéis shonrach a tuairiscíodh san achoimre ar fhíorais agus nach raibh baint aici le haon doiciméad sonrach ba cheart a roinnt leis an ngearánach ná nár eascair an fhaisnéis sin as aon doiciméad sonrach den chineál sin. Dá bhrí sin, tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid gur cuireadh faisnéis ar fáil don ghearánach san achoimre ar fhíorais a bhí mionsonraithe agus comhthéacsaithe a dóthain chun raon feidhme an imscrúdaithe a thuiscint agus chun bheith in ann freagraí fóinteacha a thabhairt ar na fíorais shonracha a luaitear ann. I bhfianaise a bhfuil thuas, chinn an Rialaitheoir **gur leor an fhaisnéis a chuir OLAF ar fáil don ghearánach chun ligean dó a cheart éisteacht a fháil a fheidhmiú**.

I gcás eile, d'áitigh an gearánach nár áiríodh sa Chás-Tuarascáil Chríochnaitheach cuid de bharúlacha ná de mhínithe an ghearánaigh a thug sé ina fhreagra nuair a bhí an deis aige barúil a thabhairt faoi achoimre OLAF ar fhíorais. D'áitigh an gearánach freisin nár thug OLAF an deis dóibh barúil a thabhairt faoi fhíorais áirithe a leagtar amach sa Chás-Tuarascáil Chríochnaitheach.

Sa chás sin, níor aimsigh an Rialaitheoir aon sárú ar chearta an ghearánaigh, ós rud é gur **thagair an Chás-Tuarascáil Chríochnaitheach go díreach nó go hindíreach do phríomhbharúlacha an ghearánaigh**. Ina theannta sin, **chuir OLAF freagra iomlán an ghearánaigh i gceangal leis an gCás-Tuairisc Chríochnaitheach a díriodh chuig an institiúid lena mbaineann**. Maidir leis an gcleachtas cóip de na barúlacha go léir a thug an duine lena mbaineann faoi achoimre OLAF ar fhíorais a chur i gceangal leis an Tuarascáil Chríochnaitheach uaidh a dhírítear chuig institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, nó chuig údarás náisiúnta, chinn an Rialaitheoir: (i) go neartaíonn an cleachtas sin an ceart éisteacht a fháil, agus (ii) go gcruthaíonn sé an leibhéal trédhearcachta is gá chun é a chur ar a chumas d'fháighteoir Tuarascáil Chríochnaitheach OLAF cinneadh a dhéanamh maidir leis an obair leantach iomchuí ar an tuarascáil sin agus ar na moltaí a rinneadh inti.

Ar deireadh, meabhraíonn an Rialaitheoir freisin sa chomhthéacs sin, de réir dhlí-eolaíocht Chúirteanna an Aontais, nach bhfuil aon fhoráil ann lena dtugtar an ceart don duine lena mbaineann a thuairimí a chur in iúl maidir leis na conclúidí a d'fhéadfadh OLAF a theacht orthu i gcomhthéacs na tuarascála críochnaithí uaidh ar an imscrúdú ⁽¹⁸⁾.

5.2. Tréimhse réasúnta na n-imscrúduithe OLAF

I roinnt gearán, rinne an Rialaitheoir measúnú ar cé acu a sháraigh nó nár sháraigh OLAF a oibleagáid gníomhú laistigh de thréimhse réasúnta.

⁽¹⁵⁾ Breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2022, *Sistem ecologica v an Coimisiún*, t-81/21, ECLI:EU:T:2022:641, mír 103; breithiúnas an 14 Meitheamh 2016, *Marchiani v an Pharlaimint*, C-566/14, ECLI:EU:C:2016:437, mír 51 agus an cásdlí a luaitear.

⁽¹⁶⁾ Breithiúnas an 4 Meitheamh 2020, *SEGS v De Loecker*, C-187/19 P, ECLI:EU:C:2020:444, mír 68.

⁽¹⁷⁾ Breithiúnas an 3 Iúil 2014, *Kamino International Logistics agus Datema Hellmann Worldwide Logistics*, cásanna uamtha C-129/13 agus C-130/13, ECLI:EU:C:2014:2041, mír 38; breithiúnas an 11 Nollaig 2014, *Boudjlida*, C-249/13, ECLI:EU:C:2014:2431, míreanna 37 agus 59.

⁽¹⁸⁾ Féach breithiúnas an 6 Meitheamh 2019, *Dalli v an Coimisiún*, t-399/17, ECLI:EU:T:2019:384, mír 144.

Is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais í an oibleagáid nósanna imeachta riaracháin a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta, agus is cuid den cheart chun dea-riaracháin í a chumhdaítear in Airteagal 41(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha ⁽¹⁹⁾. Dá bhrí sin, ní mór imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta.

Mheabhraigh an Rialaitheoir, **cé nach bhforordaítear aon thréimhse shonrach le hAirteagal 7(5) de Rialachán OLAF chun imscrúdú a chur i gcrích, go mbunaítear nasc soiléir leis idir réasúntacht fhad an imscrúdaithe OLAF agus imthosca sonracha an cháis**. Thagair an Rialaitheoir freisin do chásdlí seanbhunaithe Chúirteanna an Aontais, ar dá réir nach bhfuil sé indéanta thréimhse ama ar leith a chinneadh ná a chainníochtú a fhéadfaí a mheas mar thréimhse ama ‘réasúnta’ ⁽²⁰⁾. Ina ionad sin, ní mór imthosca gach cáis a mheas, go háirithe an méid seo a leanas: (i) castacht an cháis; (ii) an líon doiciméad a scrúdaigh OLAF le linn an imscrúdaithe agus an líon doiciméad sa cháschomhad; (iii) méid agus castacht na gcéimeanna imscrúdaitheach; agus (iv) iompar na bpáirtithe lena mbaineann ⁽²¹⁾. De réir Chúirteanna an Aontais, ní gá meastóireacht a dhéanamh ar na critéir thuasluaite go léir chun measúnú a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le ‘fad réasúnta’ imscrúdaithe, ach is féidir é a bhunú ar chritéir amháin i ndáil le himthosca an cháis ⁽²²⁾.

Trína rochtain phribhléideach ar an gcóras bainistithe cásanna, **rinne an Rialaitheoir anailís chúramach ar cháschomhad na n-imscrúduithe lena mbaineann. Dhírigh sí go háirithe ar (i) líon, cineál agus leanúnachas na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a rinne OLAF, (ii) an méid faisnéise a láimhseáladh agus (iii) na saincheisteanna dlíthiúla agus teicniúla a bhí i gceist mar aon leis na saintréithe sonracha eile uile a bhain le gach cás**. Tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid go ndearnadh na himscrúduithe sin ar bhealach leanúnach córasach agus go raibh fad na n-imscrúduithe sin comhréireach le himthosca agus castacht gach cáis. Bunaithe ar na breithnithe sin, chinn an Rialaitheoir nár sháraigh OLAF ceart na ngearánach go ndéanfaí a ngnóthaí a láimhseáil laistigh de thréimhse réasúnta.

Sna cásanna sin, thug cinntí an Rialaitheora léargas ar chastacht na n-imscrúduithe sin agus thug siad athdhearbhú do ghearánaigh nár sáraíodh a gceart bunúsach go ndéanfaí a ngnóthaí a láimhseáil laistigh de thréimhse réasúnta.

5.3. Dúbláil na n-imscrúduithe (an prionsabal *ne bis in idem*) ⁽²³⁾

I gcás amháin, iarradh ar an Rialaitheoir a mheasúnú an bhfuil OLAF i dteideal leanúint d'imscrúdú comhlántach (riaracháin) tar éis d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a himscrúdú coiriúil a dhíbhe mar gheall ar easpa fianaise, nó an é go sáraíonn an leanúint sin an prionsabal *ne bis in idem*.

Sa chás sin, ba dhuine lena mbaineann in imscrúdú de chuid OLAF é an gearánach, imscrúdú inar cuireadh i dtábhacht go bhféadfadh ábharthacht choiriúil a bheith i gceist le hiompar áirithe, rud a d'fhág gur oscail OIPE imscrúdú coiriúil ar na fíorais chéanna. D'áitigh an gearánach gur cheart do OLAF scor den imscrúdú comhlántach láithreach tar éis do OIPE OLAF a chur ar an eolas gur dúnadh an t-imscrúdú coiriúil mar gheall ar easpa fianaise. Dar leis an ngearánach, bhí forluí substaintiúil idir bunús fíorasach agus bunús dlí an imscrúdaithe OLAF agus bunús fíorasach agus bunús dlí an imeachta OIPE scortha. Rinne an Rialaitheoir a measúnú i bhfianaise na bhforálacha nós imeachta ábhartha lena gceadaítear do OLAF imscrúduithe comhlántacha a dhéanamh ⁽²⁴⁾.

⁽¹⁹⁾ Is mar a leanas atá Airteagal 41(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: ‘Tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a ghnóthaí nó a ghnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta.’

⁽²⁰⁾ Breithiúnas an 8 Iúil 2008, *Franchet agus Byk v an Coimisiún*, t-48/05, ECLI:EU:T:2008:257, mír 274; breithiúnas an 18 Bealtaine 2017, *Panzeri v Parlaimint na hEorpa*, t-166/16, ECLI:EU:T:2017:347, mír 104; breithiúnas an 29 Meitheamh 2022, *LA International Cooperation Srl v an Coimisiún*, t-609/20, ECLI:EU:T:2022:407, mír 51.

⁽²¹⁾ Breithiúnas *Panzeri v Parlaimint na hEorpa*, t-166/16, cit.; breithiúnas an 21 Bealtaine 2014, *Catinis v an Coimisiún*, t-447/11, ECLI:EU:T:2014:267; breithiúnas an 13 Eanáir 2010, *A. agus G. v an Coimisiún*, cásanna uamtha F-124/05 agus F-96/06, ECLI:EU:F:2010:2.

⁽²²⁾ Breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2022, *Limburgse Vinyl Maatschappij agus Eile v an Coimisiún*, cásanna uamtha C 238/99 P, C 244/99 P, C 245/99 P, C 247/99 P, C 250/99 P go C 252/99 P agus C 254/99 P, ECLI:EU:C:2002:582, míreanna 187-188.

⁽²³⁾ D'agair gearánaigh an prionsabal *ne bis in idem* mar théarma a bhfuil brí leathan leis agus a chuimsíonn dúbláil imscrúduithe de chineálacha éagsúla, ar imscrúduithe iad a d'fhéadfadh a bheith fós ar siúl. Dá bhrí sin, ar mhaithe le gonta agus comhsheasmhacht leis an bhfírialt atá in úsáid ag gearánaigh, úsáidtear an téarma anseo ar an gcaoi sin agus ní ar an mbealach a thuigtear go docht mar (i) dhá shraith imeachtaí de chineál coiriúil (ii) a bhaineann leis na fíorais chéanna (iii) i gcoinne an chiontóra chéanna agus (iv) a bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta ina leith, mar a chumhdaítear in Airteagal 50 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus in Airteagal 4 de Phrótacal 7, ar phrótacal de chuid na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine é.

⁽²⁴⁾ Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha i Rialachán OLAF: Airteagal 12f ‘imscrúduithe comhlántacha’, Airteagal 12d ‘Neamhdhúbláil imscrúduithe’. Féach Airteagal 12 ‘Imscrúduithe comhlántacha’ de na treoirilínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe freisin.

Mar chéad ráiteas, thug an Rialaitheoir dá haire go gceadaítear go sainráite le hAirteagal 12f(1) de Rialachán OLAF do OLAF imscrúdú comhlántach a oscailt agus a dhéanamh, i gcomhthráth le himscrúdú OIPE, ar na fíorais chéanna. Dá bhrí sin, chuir an Rialaitheoir i dtábhacht **go bhfuil cineál agus cuspóir imscrúduithe riaracháin OLAF agus imscrúduithe coiriúla OIPE éagsúil ó chéile**. Tá sé d'aidhm ag OLAF a chinneadh an raibh neamhrialtacht riaracháin ann agus, más gá, na bearta iomchuí riaracháin/airgeadais/araíonachta atá le déanamh a mholadh. Déanann OIPE imscrúduithe coiriúla a bhféadfadh smachtbhannaí coiriúla a bheith mar thoradh orthu.

Cé go ndéantar imscrúduithe comhlántacha OLAF 'i gcomhairle le OIPE ar bhonn leanúnach' ⁽²⁵⁾, déanann OLAF na himscrúduithe sin go neamhspleách agus 'i gcomhréir lena shainordú [féin]' ⁽²⁶⁾. Ciallaíonn sé sin go ndéantar imscrúduithe comhlántacha faoi stiúir Ard-Stiúrthóireacht OLAF, i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le seoladh imscrúduithe OLAF a bhunaítear le Rialachán OLAF agus a shonraítear sna treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe. Dá bhrí sin, tá OLAF fós freagrach as imscrúduithe comhlántacha a dhéanamh.

Mheabhraigh an Rialaitheoir cásdlí Chúirteanna an Aontais freisin ina soiléirítear gurb é céannacht na bhfíoras ábhartha an critéar chun measúnú a dhéanamh an ann don chion céanna. Tuigtear céannacht mar thacar imthosca nithiúla a bheith ann a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile agus arb é an toradh a bhí orthu éigiontú nó ciontú críochnaitheach an duine lena mbaineann ⁽²⁷⁾. Mar thoradh air sin, **ní hionann an t-imscrúdú coiriúil a bheith dife agus díolúine ó dhliteanas ar an leibhéal riaracháin, dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le moltaí**. Thairis sin, thug an Rialaitheoir faoi deara nach bhfuil aon fhoráil i Rialachán OLAF, i Rialachán OIPE, sna treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe ná sna socruithe oibre idir OLAF agus OIPE, lena gceanglaítear ar OLAF an t-imscrúdú comhlántach a dhúnadh má bhíonn a imscrúdú coiriúil féin dúnta ag OIPE.

Dá bhrí sin, tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid nár sháraigh OLAF an prionsabal *ne bis in idem* nuair nár dhún sé a imscrúdú riaracháin comhlántach láithreach tar éis do OIPE an t-imscrúdú coiriúil a dhíbhhe.

I gcás eile, bhí ar an Rialaitheoir a mheasúnú ar oscail OLAF imscrúdú inmheánach mar dhúbláil ar imeacht aráionachta a bhí déanta agus tugtha i gcrích ag an gcomhlacht aráionachta ábhartha maidir le fíorais a líomhnáitear a bheith comhchosúil. Chinn an Rialaitheoir nach raibh raon feidhme an dá nós imeachta ag forluí ar a chéile. I ndáil leis sin, chinn an Rialaitheoir gur le mainneachtain coinbhleacht leasa a dhearbhu i nós imeachta soláthair a bhain an t-imeacht aráionachta, agus gur le mí-iompar féideartha agus le claonpháirteachas féideartha i nós imeachta soláthair phoiblí a bhain an t-imscrúdú OLAF. I ndáil leis sin, shoiléirigh an Rialaitheoir **cineál agus torthaí féideartha éagsúla an imeachta aráionachta dhúnta agus an imscrúdaithe OLAF**. Dá bhrí sin, féadadh athdhearbhú a thabhairt don ghearánach nach raibh dúbláil ag tarlú agus nach raibh baol ann go ngearraí smachtbhannaí air faoi dhó as an mí-iompar céanna.

5.4. Neamhchlaontacht in iompar imscrúdaitheoirí OLAF

Faoi Airteagal 9(1) de Rialachán OLAF, ní mór imscrúduithe OLAF a dhéanamh go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta, agus ní mór iad a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal thoimhde na neamhchlaontachta agus leis na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme. Is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é prionsabal na neamhchlaontachta freisin agus is gné lárnach den cheart chun dea-riaracháin é faoi Airteagal 41(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

An oibleagáid gníomhú go neamhchlaonta i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí riaracháin agus na cinnteoireachta laistigh den Aontas, tá feidhm aici maidir le gach duine a rannchuidíonn le gníomhaíocht na hinstiúide lena mbaineann, agus tá sí ceaptha le cóir chomhionann a ráthú. Le ceanglas den sórt sin, tá sé beartaithe, i measc nithe eile, cás a sheachaint ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann d'oifigigh nó do ghníomhairí atá ag gníomhú thar ceann na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin.

I gcás amháin, iarradh ar an Rialaitheoir a mheasúnú an bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist leis an aithne a bhí ag an duine lena mbaineann agus ag ball den fhoireann imscrúdaithe ar a chéile roimh an imscrúdú. Mheas an gearánach go bhféadfadh an nasc gairmiúil nó pearsanta a bhí eatarthu roimhe sin difear a dhéanamh d'oibiachtúlacht an imscrúdaitheora agus do neamhchlaontacht agus cothroime an imscrúdaithe.

⁽²⁵⁾ Airteagal 12(f)(1) de Rialachán 883/2013.

⁽²⁶⁾ Airteagal 12e(1) agus Airteagal 12f(1) de Rialachán 883/2013; Airteagal 101(3) de Rialachán 2017/1939; Airteagal 12(2) de na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe.

⁽²⁷⁾ Breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *LG agus MH (Autoblançiment)*, cás C-790/19, ECLI:EU:C:2021:661, míreanna 77-80.

Rinne an Rialaitheoir measúnú ar argóint an ghearánaigh i bhfianaise an chreata choincheapúil láidir a forbraíodh cheana i gcinntí roimhe sin maidir le hábhair chomhchosúla agus i gcomhréir le dlí-eolaíocht chomhdhlúite Chúirteanna an Aontais.

Ar an gcéad dul síos, mheabhraigh an Rialaitheoir, de réir an chásdlí ábhartha, go bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le neamhchlaontacht i gcomhthéacs na státseirbhíse freisin ⁽²⁸⁾. I ndáil leis sin, tá rialacha sonracha in Airteagal 11a de na Rialacháin Foirne atá ceaptha chun a áirithiú gur féidir le hoifigigh a ndualgaís a chomhlíonadh gan coinbhleachtaí leasa a bheith ag cur isteach ar chomhlíonadh a misin ⁽²⁹⁾. De réir mhír 1 den Airteagal sin, ní fhéadfaidh oifigigh, agus a ndualgaís a gcomhlíonadh acu, déileáil le hábhar ina bhfuil aon leas pearsanta acu, go díreach nó go hindíreach, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas, go háirithe leasanna teaghlaigh agus airgeadais.

Ar an dara dul síos, mheabhraigh an Rialaitheoir go bhfuil dhá ghné ag baint le prionsabal na neamhchlaontachta, mar a shainmhínítear thuas ag cásdlí Chúirteanna an Aontais: neamhchlaontacht shuibiachtúil agus neamhchlaontacht oibiachtúil. Ciallaíonn an ceanglas maidir le **neamhchlaontacht shuibiachtúil** nach bhféadfaidh aon chomhalta den institiúid lena mbaineann claontuairim ná claontacht phearsanta a thaispeáint. Ciallaíonn an ceanglas maidir le **neamhchlaontacht oibiachtúil** nach mór ráthaíochtaí leormhaithe a bheith ann chun aon amhras dlisteanach i leith aon chlaontuairim ar thaobh na hinstitiúide lena mbaineann a eisiamh ⁽³⁰⁾. Ar deireadh, ní mór **neamhchlaontacht** a urramú **de réir birt agus de réir briathair**. De réir an chásdlí, ní hamháin go mbaineann coincheap na coinbhleachta leasa le cás ina bhfuil leas príobháideach ag oifigeach poiblí a bhfuil tionchar iarbhair aige ar fheidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil a dhualgas oifigiúil, ach baineann sé freisin le cás ina bhféadfadh an chuma a bheith air, ó dhearcadh an phobail, go mbíonn tionchar ag an leas a sainaithníodh ar fheidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil a dhualgas oifigiúil ⁽³¹⁾. Glactar leis go bhfuil neamhchlaontacht shuibiachtúil ann in éagmais fianaise ar a mhalairt ⁽³²⁾. I gcás na neamhchlaontachta oibiachtúla, áfach, ní ceanglas é go mbeadh claontuairim iarbhair ag an mball foirne lena mbaineann i leith an íospartaigh líomhnaithe. Is leor go bhfuil amhras dlisteanach ann nach féidir a dhíbirt ⁽³³⁾.

Is i bhfianaise na bprionsabal thuasluaite a rinneadh measúnú ar easpa neamhchlaontachta líomhnaithe nó coinbhleacht leasa líomhnaithe ar thaobh comhalta d'fhoireann imscrúdaithe OLAF.

I ndáil leis an gceanglas maidir le neamhchlaontacht shuibiachtúil, chinn an Rialaitheoir nár thug an gearánach aon eilimint ná fianaise choincréiteach ar aird a d'fhéadfadh údar a thabhairt lena mhaímh. Maidir leis an easpa neamhchlaontachta oibiachtúla, nó an coinbhleacht leasa a mheastar a bheith ann, mheabhraigh an Rialaitheoir go dtagann an dá choincheap sin chun cinn nuair nach mbíonn ráthaíochtaí leormhaithe i bhfeidhm chun aon amhras dlisteanach i leith claontuairim líomhnaithe ar thaobh fhoireann OLAF a eisiamh. I ndáil leis sin, chuir an Rialaitheoir i dtábhacht go bhfuil na socruithe inmheánacha oibre agus an mhaoirseacht ordlathach laistigh de OLAF de chineál a fhágann nach féidir le himscrúdaitheoir aon chinneadh a dhéanamh go neamhspleách. Go deimhin, déanann foirne imscrúdaithe OLAF a ngníomhaíochtaí faoi mhaoirseacht agus faoi fhormheas an Chinn Aonaid, na Foirne Athbhreithnithe agus Ard-Stiúthóir OLAF ar deireadh. Déanann an Fhoireann Athbhreithnithe go háirithe maoirseacht ar imscrúduithe OLAF ag céimeanna éagsúla den nós imeachta, ar saineolaithe iad na baill foirne sin i réimse an dlí agus na nósanna imeachta imscrúdaitheacha. Déanann an Fhoireann Athbhreithnithe seiceáil dlíthiúlachta a bhaineann, i measc nithe eile, le hurramú ráthaíochtaí nós imeachta agus chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann, lena n-áirítear a gceart go ndéanfar a ngnóthaí a láimhseáil go neamhchlaonta agus i gcomhréir le toimhde na neamhchiontachta ⁽³⁴⁾.

Dá bhrí sin, tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid **nach leor gné bhunúsach aithne, bíodh sé gur caidreamh gairmiúil nó fiú caidreamh pearsanta atá i gceist, sa cháil sin chun coinbhleacht leasa iarbhair nó fhéideartha ar thaobh an imscrúdaitheora a chruthú**. Tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid freisin **gur leor na ráthaíochtaí nós imeachta a bhí curtha i bhfeidhm ag OLAF**, de réir bhrí chásdlí Chúirteanna an Aontais, chun aon amhras dlisteanach i leith aon chlaontuairim líomhnaithe nó coinbhleacht leasa a mheastar a bheith ann ar thaobh fhoireann OLAF a eisiamh.

⁽²⁸⁾ Féach Breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2021, *An Pharlaimint v UZ*, C-894/19 P, ECLI:EU:C:2021:863, mír 51 ss.

⁽²⁹⁾ Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíse eile na gComhphobal Eorpach agus an Chomhphobal Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO P 045, 14.6.1962, Ich. 1385, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31\(1\)/01/01/2021](http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/01/01/2021)).

⁽³⁰⁾ Breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *Dalli/an Coimisiún*, C-615/19 P, ECLI:EU:C:2021:133, mír 112 agus an cásdlí a luaitear.

⁽³¹⁾ Breithiúnas an 15 Iúil 2015, *an Pharlaimint v Dennekamp*, cás t-115/13, ECLI:EU:T:2015:497, mír. 92.

⁽³²⁾ Breithiúnas an 8 Feabhra 2018, *An Institiúid um Dhaonlathas Díreach san Eoraip v an Pharlaimint*, T-118/17, neamhfhoilsithe, ECLI:EU:T:2018:76, mír 27 agus an cásdlí a luaitear.

⁽³³⁾ Breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2021, *Kerstens v an Coimisiún*, t-220/20, ECLI:EU:T:2021:716, mír 42 agus an cásdlí a luaitear.

⁽³⁴⁾ Féach Airteagal 17(7) de Rialachán OLAF.

I gcás eile, ina tharla glao gutháin idir imscrúdaitheoir agus an duine lena mbaineann, mhaígh an gearánach go raibh tuin mhilleánach ag an imscrúdaitheoir le linn an ghlaio agus gur sháraigh sin prionsabal thoimhde na neamhchiontachta. I dtuairim an ghearánaigh, léirigh an iompraíocht sin claontuairim an bhaill foirne OLAF ina choinne agus d'imir an méid sin tionchar ar neamhchlaontacht an imscrúdaithe.

Maidir le measúnú an Rialaitheora i dtaobh ar sháraigh OLAF cearta nós imeachta an duine lena mbaineann i gcomhthéacs imscrúdaithe a bhí ar siúl, mheabhraigh an Rialaitheoir gur ar fhíorais a d'fhéadfaí a fhíorú a bhí a measúnú bunaithe. Sa chás sin, bhain líomhain an ghearánaigh leis an 'tuin' a measadh a bheith ann le linn comhrá teileafóin idir an gearánach agus OLAF, agus leis an tuiscint a baineadh as ráitis a rinne OLAF ar an bhfón. Gan aon taifead i scríbhinn ar an malartú ó bhéal sin idir na páirtithe agus le fianaise chontrártha ón dá pháirtí, ní raibh an Rialaitheoir in ann an t-ábhar a fhíorú ná measúnú a dhéanamh ar fhírinneacht na líomhaintí a d'ardaigh an gearánach.

Sa chás sin, áfach, thapaigh an Rialaitheoir an deis é a thabhairt chun cuimhne go bhfuil **tábhacht ollmhór ag baint le sárbhéasaíocht agus neodracht iomlán sa chomhfhreagras a dhéantar leis na daoine lena mbaineann, i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin**. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh gan beann ar na modhanna sonracha cumarsáide a úsáideann OLAF, ach bíonn sé rithábhachtach sa chumarsáid ó bhéal go háirithe. Measann an Rialaitheoir go bhfuil sé sin fíor-riachtanach ionas nach gcuirfear isteach ar an dearcadh atá ag na daoine lena mbaineann ar neamhchlaontacht imscrúdaitheoirí OLAF.

5.5. *An ceart a bheith curtha ar an eolas nuair a dhúntar imscrúdú agus an modh fógartha a úsáidtear i gcomhfhreagras leis na daoine lena mbaineann*

In 2022, ceann de na chéad ghearáin ar ghlac an Rialaitheoir cinneadh ina leith, bhain sé le ceart an duine a bheith curtha ar an eolas gur duine lena mbaineann é faoi Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF. Chinn an Rialaitheoir go ndearnadh sárú ar cheart an ghearánaigh a bheith curtha ar an eolas go pras, ós rud é nár tháinig an ríomhphost riamh a sheol OLAF chuig an ngearánach chun é a chur ar an eolas gur dhuine lena mbaineann é ⁽³⁵⁾. Sa chinneadh sin, thagair an Rialaitheoir don chásdlí bunaithe chun a chur in iúl, maidir le fógraí tábhachtacha, gur cheart do OLAF nós imeachta a bheith i bhfeidhm aige chun a áirithiú go bhfaighidh na faighteoirí beartaithe na fógraí sin. Mar fhreagairt ar iarraidh an Rialaitheora ar OLAF feabhas a chur ar a chleachtas, ghlac sé treoracha inmheánacha go luath in 2023 maidir leis na modhanna fógartha atá le húsáid i gcomhfhreagras leis na daoine lena mbaineann.

In 2024, bhí deis ag an Rialaitheoir fillleadh ar an tsaincheist thábhachtach sin. Le hAirteagal 11(7) de Rialachán OLAF, ceanglaítear ar OLAF duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoi imscrúdú a bheith dúnta i gcás nach bhfuarthas aon fhianaise i gcoinne an duine sin, laistigh de 10 lá oibre ó chur i gcrích an imscrúdaithe. San imscrúdú atá idir lámha, thug OLAF fógra don duine lena mbaineann gur dúntadh an t-imscrúdú gan torthaí trí ríomhphost criptithe, agus d'iarr sé go sainráite ar an duine a dheimhniú go bhfuarthas an ríomhphost. Ní dhearna an duine lena mbaineann amhlaidh. I bhfianaise na teorann gearr ama atá ag OLAF chun an duine lena mbaineann a chur ar an eolas, chinn OLAF fógra a thabhairt don duine lena mbaineann trí sheachadadh de láimh freisin. Rinne an duine lena mbaineann gearán ina dhiaidh sin leis an Rialaitheoir, nó mheas sé gur cleachtas comhéigineach míchuí ar thaobh imscrúdaitheoirí OLAF í an idirghníomhaíocht sin ar an láthair.

Rinne an Rialaitheoir measúnú ar an gcás sin i bhfianaise na bhforálacha ábhartha, lena n-áirítear Rialachán OLAF, na treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, treoracha inmheánacha OLAF thuasluaite maidir leis na modhanna fógartha atá le húsáid i gcomhfhreagras leis na daoine lena mbaineann, agus cásdlí Chúirteanna an Aontais chomh maith.

Shíl an Rialaitheoir go bhfuil discréd áirithe ag OLAF maidir leis na modhanna cumarsáide a úsáidtear chun fógra a thabhairt do na daoine lena mbaineann faoi fhaisnéis, discréd ar cheart í a bheith bunaithe ar phrionsabal na héifeachtachta. Ní mór do OLAF a áirithiú agus a bheith in ann a léiriú, maidir leis na modhanna cumarsáide a úsáidtear, go gcuireann siad go héifeachtach ar a gcumas do na daoine lena mbaineann a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis a sheoltar chucu ⁽³⁶⁾. I ndáil leis sin, mheabhraigh an Rialaitheoir go bhfuil an fhéidearthacht ag OLAF, de réir threoracha inmheánacha OLAF maidir leis na modhanna fógartha atá le húsáid i gcomhfhreagras leis na daoine lena mbaineann, litreacha fógra a thabhairt ar láimh do na daoine lena mbaineann. Is amhlaidh atá go háirithe nuair nár éirigh leis na

⁽³⁵⁾ Féach mír 3.5.2 'Réitigh mholta' i dTuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Rialaitheora 2022, le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=oj:OC_2023_248_R_0001.

⁽³⁶⁾ Féach cásdlí Chúirt Bheithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le seirbhéil litreacha agus cinntí riaracháin, a bhfuil feidhm aige de réir analaí maidir le litreacha OLAF. Féach go háirithe breithiúnas an 6 Nollaig 2012, *Evropaiki Dynamiki v an Coimisiún*, t-167/10, ECLI:EU:T:2012:651, míreanna 49-51.

hiarrachtaí a rinne OLAF roimhe sin teagmháil a dhéanamh leis na daoine lena mbaineann ar bhealaí eile, amhail ríomhphost nó litreacha cláraithe. Thug an Rialaitheoir dá haire nach gá do OLAF dul i muinín na modhanna fógartha uile a luaitear sna treoracha inmheánacha, ná iad a úsáid san ord sonrach a léirítear iontu. Dá bhrí sin, is faoin bhfoireann imscrúdaitheach atá sé na modhanna is éifeachtaí dar leo a roghnú, fad agus go mbaintear amach a gcuspóir. **I gcásanna nach bhfuil na modhanna a roghnaíodh éifeachtach, is faoin aonad imscrúdaitheach atá sé úsáid a bhaint as aon uirlis eile atá ar fáil chun an duine lena mbaineann a chur ar an eolas ar bhealach éifeachtach faoin gcomhfhreagras.**

Sa chás atá idir lámha, shuigh an Rialaitheoir **gur thug OLAF fógra go dícheallach don duine lena mbaineann trí ríomhphost agus, i bhfianaise na n-imthosca** (bhí sprioc-am gearr aige chun é sin a dhéanamh, agus níor dheimhnigh an gearánach go bhfuair sé é, rud a d'fhág nach raibh a fhios ag OLAF an raibh eolas éifeachtach ag an ngearánach ar an bhfaisnéis a seoladh), **go ndeachaigh sé ar aghaidh go comhréireach ansin chun fógra a sheachadadh de láimh.** Tá sé sin i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme agus leis an oibleagáid atá ar OLAF an duine lena mbaineann a chur ar an eolas go héifeachtach faoina ráthaíochtaí nós imeachta faoi Airteagal 11(7) de Rialachán OLAF.

6. Comhairliúchán faoi na dréacht-treoirilínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe d'fhoireann OLAF

Le hAirteagal 9b(9) de Rialachán OLAF, foráiltear go bhféadfaidh Ard-Stiúrthóir OLAF 'tuairim an Rialaitheora a iarraidh maidir le haon ábhar a bhaineann le ráthaíochtaí nós imeachta nó cearta bunúsacha a thagann faoi réim shainordú an Rialaitheora'.

Ar an mbunús dlí sin, i mí na Samhna 2023 d'iarr Ard-Stiúrthóir OLAF tuairim an Rialaitheora i ndáil le dréacht-téacs athbhreithnithe na dtreoirilínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe d'fhoireann OLAF, go háirithe maidir leis na forálacha a thagraíonn do na ráthaíochtaí nós imeachta agus do na cearta bunúsacha a thagann faoi réim shainordú an Rialaitheora.

Ba chúis sásaimh don Rialaitheoir go ndeachthas i gcomhairle léi maidir leis an ábhar tábhachtach sin. Bhain sí leas as an taithí a bhí aici ar láimhseáil gearán, agus beagnach 40 ceann curtha di an t-am sin, ar gearáin iad a bhí curtha isteach ag na daoine lena mbaineann ó thús a sainordaithe. Tar éis di dul i ngleic le saincheisteanna dlíthiúla éagsúla a ardaíodh le linn a sainordaithe agus tairbhe a bhaint as rochtain phribhléideach ar cháschomhaid na n-imscrúduithe gaolmhara OLAF, bhí léargas uathúil agus tuiscint ar chleachtais imscrúdaitheacha OLAF faighte aici. Go háirithe, bhí an Rialaitheoir in ann géarmheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann OLAF a dhícheall a áirithiú go gcomhlíontar ráthaíochtaí nós imeachta na ndaoine faoi imscrúdú chomh maith le dlí-eolaíocht shuibhir shíorathraitheach Chúirteanna an Aontais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.



Ina tuairim, níor dhírigh an Rialaitheoir ach ar na hairteagail sin de na dréacht-treoirilínte athbhreithnithe maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a thagair do chomhlíontacht OLAF le ráthaíochtaí nós imeachta an duine lena mbaineann, agus a bhain go sonrach léi sin.

Seoladh an tuairim chuig Ard-Stiúrthóir OLAF an 3 Meitheamh 2024. **I ndáil le glacadh críochnaitheach na dtreoirilínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, measann an Rialaitheoir go mbeadh tairbhe mhór le baint as gníomhaíocht a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis na barúlacha a chuirtear i láthair ina tuairim.**

7. Caidreamh leis na páirtithe leasmhara

Measann an Rialaitheoir go bhfuil sé tábhachtach teagmháil rialta a choinneáil ar bun le hinstiitúidí an Aontais Eorpaigh, le hArd-Stiúrthóir OLAF agus leis na páirtithe leasmhara eile chun aiseolas a fháil faoi ról an Rialaitheora agus, ar deireadh, chun cur le cosaint ráthaíochtaí nós imeachta agus chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann in imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF.

An 23 Bealtaine 2024, bhuaill an Rialaitheoir **le hArd-Stiúrthóir OLAF, le himscrúdaitheoirí OLAF agus le bainistíocht OLAF** chun plé a dhéanamh ar an sásra gearán, ar an taithí a fuarthas sa chéad tréimhse gníomhaíochta agus ar bhealaí chun feabhsuithe a dhéanamh. Ba é sin an chéad uair a bhuaill an Rialaitheoir le baill foirne OLAF uile. Bhí rath ar an gcruinniú sa mhéid agus gur fhreastail líon ard daoine air agus bhí malartú torthúil ann ina ndeachthas i ngleic le ceistanna ginearálta agus le ceistanna praiticiúla araon.

An 5 Meán Fómhair 2024, chuir an Rialaitheoir a Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2023 faoi bhráid **an Choiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa**. Chuir sí an tuarascáil faoi bhráid **Mheitheal Chomhairle an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Calaoise** an 13 Meán Fómhair 2024 agus bhí malartú tuairimí aici le baill na Meithle maidir leis an ról atá aici agus maidir le ráthaíochtaí nós imeachta na ndaoine atá faoi imscrúdú ag OLAF a chosaint.

An 15 Deireadh Fómhair 2024, bhí an Rialaitheoir i láthair ag dinnéar ceiliúrtha ar 25 bliana de OLAF.

Ar deireadh, choinnigh an Rialaitheoir **malartuithe rialta agus caidreamh oibreachais tairbheach ar bun le hArd-Stiúrthóir OLAF**, bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar dhea-chomhar. Ar an gcaoi chéanna, agus ag léiriú na ndea-chleachtas agus an chomhair atá i bhfeidhm cheana féin, sheol Ard-Stiúrthóir OLAF na dréchtsocruithe oibre idir OLAF agus an Rialaitheoir chuig an Rialaitheoir i mí Mheán Fómhair 2024. Tá na dréchtsocruithe oibre sin á bplé faoi láthair agus glactar iad in 2025.

8. Tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil

Chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as acmhainní, le Rialachán OLAF cuireadh de chúram ar Rúnaíocht an Choiste Maoirseachta tacaíocht dhlíthiúil agus riaracháin a thabhairt don Rialaitheoir.

Tá údar breise leis an rogha sin mar gheall ar chomhlántacht na misean agus ar na spriocanna coiteanna atá á saothrú ag an Rialaitheoir agus ag an gCoiste Maoirseachta. Áirithíonn an Rúnaíocht leanúnachas, cumarsáid leanúnach agus comhar rianúil leis na gearánaigh agus le OLAF araon.

Chuir foireann thiomnaithe de bhaill foirne ardcháilithe laistigh den Rúnaíocht, ag gníomhú di faoi stiúir Cheann na Rúnaíochta, comhairle agus cúnamh luachmhar ar fáil don Rialaitheoir, agus sicréideacht ghairmiúil agus rúndacht á n-urramú an tráth céanna.



9. Teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir agus gearán a chur isteach

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir trí ríomhphost nó tríd an bpost ag na seoltaí seo a leanas:

OLAF-FMB-Controller-Procedural-Guarantees@ec.europa.eu

Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta/Rúnaíocht Choiste Maoirseachta OLAF
Rue Joseph II, 30
1049 an Bhruiséil, an Bheilg

Chun gearán a chur faoi bhráid an Rialaitheora, iarrtar ar ghearánaigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. An fhoirm a líonadh isteach
- b. É a sheoladh trí ríomhphost nó tríd an bpost chuig na seoltaí thuas

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an suíomh gréasáin:

https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/controller-procedural-guarantees_en
